



P9_TA(2024)0006

Liúntas um chlaontacht fiachais-cothromais a laghdú agus i dtaca le hin-asbhainteacht úis a theorannú chun críoch cánach ioncaim corparáidí

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Eanáir 2024 ar an togra le haghaidh treoir ón gComhairle maidir le rialacha a leagan síos i dtaca le liúntas um chlaontacht fiachais-cothromais a laghdú agus i dtaca le hin-asbhainteacht úis a theorannú chun críoch cánach ioncaim corparáidí (COM(2022)0216 – C9-0197/2022 – 2022/0154(CNS))

(Nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán)

(C/2024/5750)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2022)0216),
 - ag féachaint d'Airteagal 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0197/2022),
 - ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,
 - ag féachaint do Rial 82 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0387/2023),
1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna leasú;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
 3. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;
 4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;
 5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach

Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
(1) Is ardtosaíocht pholaitiúil don Aontas é timpeallacht ghnó atá cothrom agus inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear í a chur chun trí bhearta cánach spriocdhírithe lena ndreasaítear infheistíocht agus fás. Chun tacú le maoiniú corparáideach inbhuanaithe fad-téarmach, ba cheart don chóras cánach saobhadh neamhbheartaithe ar chinntí gnó a íoslaghdú, mar shampla i leith fiachais seachas maoiniú cothromais. Cé go bhfuil ar áireamh i bPlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil 2020 de chuid an Choimisiúin ⁽¹⁴⁾ gníomhaíochtaí tábhachtacha chun tacú le maoiniú den sórt sin, mar shampla Gníomhaíocht 4 - Ag spreagadh níos mó maoinithe fhadtéarmaigh agus cothromais ó infheisteoirí institiúideacha, ba cheart bearta cánach spriocdhírithe a ghlacadh chun na gníomhartha sin a fheabhsú. Ba cheart do na bearta sin breithnithe inbhuanaitheachta fiosaí a chur i gcuntas.	(1) Is ardtosaíocht pholaitiúil don Aontas é timpeallacht ghnó atá cothrom agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus feabhas a chur ar an gcóras cánach corparáide, lena n-áirítear í a chur chun trí bhearta cánach spriocdhírithe lena ndreasaítear infheistíocht agus fás. Chun tacú le maoiniú corparáideach inbhuanaithe, láidir agus fadtéarmach, go háirithe tar éis na dtrí ghéarchéim eacnamaíocha ó 2008 i leith, ina raibh ar go leor cuideachtaí brath ar mhaoiniú fiachais chun caillteanais eacnamaíocha a chumhdach, ba cheart don chóras cánach saobhadh neamhbheartaithe ar chinntí gnó a íoslaghdú, mar shampla i dtreo fiachas seachas maoiniú cothromais. Cé go bhfuil ar áireamh i bPlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil 2020 de chuid an Choimisiúin ⁽¹⁴⁾ gníomhaíochtaí tábhachtacha chun tacú le maoiniú den sórt sin, mar shampla Gníomhaíocht 4 - Ag spreagadh níos mó maoinithe fhadtéarmaigh agus cothromais ó infheisteoirí institiúideacha, ba cheart bearta cánach spriocdhírithe a ghlacadh chun na gníomhartha sin a fheabhsú. Ba cheart do na bearta sin breithnithe inbhuanaitheachta fiosaí a chur i gcuntas.
⁽¹⁴⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Aontas na Margaí Caipitil do dhaoine agus do ghnólaigh - plean gníomhaíochta nua', COM(2020) 590 final (https://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:61042990-fe46-11ea-b44f-01aa75ed71a1.0001.02/DOC_1&format=PDF)	⁽¹⁴⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Aontas na Margaí Caipitil do dhaoine agus do ghnólaigh - plean gníomhaíochta nua', COM(2020)0590 final(https://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:61042990-fe46-11ea-b44f-01aa75ed71a1.0001.02/DOC_1&format=PDF)

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach

Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
	(1a) Chun poist, fás eacnamaíoch agus infheistíocht a chur chun cinn, is den rithábhacht aontas margaí caipitil atá iomaíoch agus athléimneach agus ina mbeidh margadh cothromais láidir mar cheann dá cholúin a chur chun cinn. Tá gá le tuilleadh infheistíochta príobháidí trí chothromas chun dul i ngleic leis na dúshláin eacnamaíocha atá romhainn. Dá bhrí sin, is innholta ionstraim dlí a chruthú chun comhchuibhiú a dhéanamh ar fhorálacha reachtacha atá ann cheana chun claontacht na gcáiníocóirí i dtreo fiachais a laghdú agus roghanna infheistíochta a ndéanamh acu, gan dochar d'úsáid dhlisteanach agus éifeachtach ionstraimí fiachais.

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach

Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
(2) Le córais chánach na mBallstát ceadaítear do cháiníocóirí íocaíochtaí úis ar mhaoiniú fiachais a asbhaint, agus dá bhrí sin an dliteanas cánach ioncaim corparáidí a laghdú, agus níl costais a bhaineann le maoiniú cothromais in-asbhainte ó thaobh cánach sa chuid is mó de na Ballstáit. Le cóireáil chánach neamhshiméadrach ar mhaoiniú fiachais agus cothromais ar fud an Aontais, spreagtar claontacht i leith fiachais i gcinntí infheistíochta. Thairis sin, i gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil maidir le liúntas cánach ar mhaoiniú cothromais ina ndlí náisiúnta, bíonn éagsúlachtaí suntasacha ann idir na bearta náisiúnta sin i dtéarmaí dearadh beartais.	(2) Le córais chánach na mBallstát ceadaítear do cháiníocóirí íocaíochtaí úis ar mhaoiniú fiachais a asbhaint, agus dá bhrí sin an dliteanas cánach ioncaim corparáidí a laghdú, agus níl costais a bhaineann le maoiniú cothromais in-asbhainte ó thaobh cánach sa chuid is mó de na Ballstáit. Le cóireáil chánach neamhshiméadrach ar mhaoiniú fiachais agus cothromais ar fud an Aontais, spreagtar claontacht i leith fiachais i gcinntí infheistíochta. Léirigh na géarchéimeanna a bhain le fadhbanna fiachais cuideachtaí sa mhargadh inmheánach le déanaí go bhfuil gá le hathchóiriú lena gcuirtear cothromas agus fiachas ar comhchéim agus lena gcuirtear deireadh le maoiniú fiachais. Is freagra í an Treoir seo ar na hiarrataí iomadúla ón bParlaimint aghaidh a thabhairt ar an gclaontacht fiachais-cothromais a bhaineann le cáin ^(1a). Thairis sin, i gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil maidir le liúntas cánach ar mhaoiniú cothromais ina ndlí náisiúnta, bíonn éagsúlachtaí suntasacha ann idir na bearta náisiúnta sin i dtéarmaí dearadh beartais. Tá sé rithábhachtach, dá bhrí sin, cothrom iomaíochta a choimirciú le haghaidh réitigh chothromais agus ionstraimí fiachais, ag féachaint don ghá atá le híosleibhéil chomhleanúnachais chórasaigh a ráthú idir creataí cánach náisiúnta, eadhon ar leibhéal na sochar cánach. ^(1a) Féach: — an Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hAontas na Margái Caipitil a fhorbairt a thuilleadh: feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú an mhargaidh caipitil, go háirithe ag FBManna, agus rannpháirtíocht infheisteoirí miondíola a éascú tuilleadh (2020/2036(INI)) (IO C 395, 29.9.2021, lch. 89); — an rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Márta 2018 maidir leis an togra le haghaidh treoir ón gComhairle maidir le comhbhonn don cháin chorparáide (2016/0337(CNS)) (IO C 162, 10.5.2019, lch. 181);

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
	— an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2022 lena ngabhann moltaí don Choimisiún maidir le cánachas cothrom agus simplí a thacaíonn leis an straitéis téarnaimh (Obair iardain de chuid Pharlaimint na hEorpa ar Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin mhí Iúil agus ar na 25 thionscnamh i réimse na cánach breisluacha agus an chánachais gnólachtaí agus daoine aonair) (2020/2254(INL)) (IO C 347, 9.9.2022, lch. 211) — an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2022 maidir le tionchar na n-athchóirithe cánach náisiúnta ar gheilleagar AE (2021/2074(INI)) (IO C 342, 6.9.2022, lch. 14).

Leasú 4

Togra le haghaidh teorach

Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
(3) D'fhonn saobhadh a bhaineann le cáin a d'fhéadfadh a bheith ann i measc na mBallstát a bhaint, tá sé riachtanach creat coiteann rialacha a leagan síos chun aghaidh a thabhairt ar an gclaontacht fiachais-cothromais a bhaineann le cáin ar fud an Aontais ar bhealach comhordaithe. Le rialacha den sórt sin ba cheart a áirithiú go ndéileálar le maoiniú cothromais agus maoiniú fiachais ar bhealach comhchosúil chun críoch cánach ar fud an mhargaidh aonair. An tráth céanna, ba cheart do chreat reachtach coiteann de chuid an Aontais a bheith inbhuanaithe go gearrthéarmach le haghaidh bhuiséid na mBallstát freisin. Dá bhrí sin ba cheart a áireamh sa chreat sin rialacha, ar thaobh amháin, maidir le hin-asbhainteacht chánach na gcostas maoinithe cothromais agus, ar an taobh eile, maidir le teorainn a chur le hin-asbhainteacht chánach na gcostas maoinithe fiachais.	(3) D'fhonn saobhadh a bhaineann le cáin a d'fhéadfadh a bheith ann i measc na mBallstát a bhaint, tá sé riachtanach creat coiteann rialacha a leagan síos chun aghaidh a thabhairt ar an gclaontacht fiachais-cothromais a bhaineann le cáin ar fud an Aontais ar bhealach comhordaithe, agus urraim á tabhairt go hiomlán do chreat institiúideach an Aontais maidir le cúrsaí cánach mar a bhunaítear leis na Conarthaí. Le rialacha den sórt sin ba cheart a áirithiú go ndéileálar le maoiniú cothromais agus maoiniú fiachais ar bhealach comhchosúil chun críoch cánach ar fud an mhargaidh aonair. Ag an am céanna, i bhfianaise in-asbhainteacht fhorleathan cánach fiachais agus ós rud é go bhféadfadh tionchar díreach a bheith ag líntas ar mhéaduithe ar chothromas ar ioncam poiblí, ba cheart comhchreat reachtach de chuid an Aontais a bheith inbhuanaithe freisin sa ghearrthéarma le haghaidh bhuiséid na mBallstát. Dá bhrí sin ba cheart a áireamh sa chreat sin rialacha, ar thaobh amháin, maidir le hin-asbhainteacht chánach na gcostas maoinithe cothromais agus, ar an taobh eile, maidir le teorainn a chur le hin-asbhainteacht chánach na gcostas maoinithe fiachais. Tá sé d'aidhm ag an Treoir seo cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir na dúshlán éagsúla a bhaineann le hinbhuanaitheacht airgeadas poiblí na mBallstát sa ghearrthéarma agus, ar an gcaoi sin, níos cheart go dtabhódh na Ballstáit caillteanais mhóra ioncaim agus ba cheart é a bheith mar aidhm aici cobhsaíocht airgeadais cuideachtaí a fheabhsú.

Leasú 5

Togra le haghaidh treorach

Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
	(3a) Chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar aontas na margaí caipitil, tá sé d’aidhm ag an Treoir seo foinsí cistiúcháin do chuideachtaí an Aontais a éagsúlú, go háirithe do FBManna. Dá bhrí sin, ba cheart go seachnódh sé costais agus bacainní nua a chruthú maidir le rochtain ar mhaoiniú do na cuideachtaí sin nach féidir leo rochtain a fháil go héasca ar mhargaí caipitil go fóill. Dá gcuirfí teorainn le hin-asbhainteacht chostais úis na gcuideachtaí sin, d’fhéadfaí bac a chur ar infheistíocht ar fud an Aontais, agus dá bhrí sin níor cheart an asbhaint úis a theorannú do FBManna agus do ghrúpaí meánmhéide.

Leasú 6

Togra le haghaidh treorach

Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
(5) Chun an chlaontacht in aghaidh maoiniú cothromais a neodrú, ba cheart liúntas a bheartú ionas go mbeidh méaduithe ar chothromas cáiniócóra ó thréimhse chánach amháin go dtí an chéad thréimhse chánach eile in-asbhainte óna bhonn cánach, faoi réir coinníollacha áirithe. Ba cheart an liúntas sin a ríomh tríd an méadú i gcothromas a iolrú faoi ráta úis bharúlaigh atá bunaithe ar ráta úis saor ó riosca mar a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme a glacadh de bhun Airteagal 77e(2) de Threoir 2009/138/CE. Tá rátaí úis saor ó riosca den sórt sin ina gcuid de dhlí an Aontais cheana agus cuirtear i bhfeidhm iad go praiticiúil agus go héifeachtach ar an mbealach sin. Aon chuid den liúntas nach féidir a asbhaint le linn tréimhse chánach mar gheall ar bhrabúis inchánacha neamh-leordhóthanacha, is féidir í a thabhairt ar aghaidh. Agus na dúshláin shonracha a bhíonn roimh fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) chun rochtain a fháil ar mhargáí caipitil <i>á gcur i gcuntas</i>, ba cheart liúntas méadaithe ar chothromas a bheartú <i>le haghaidh cáiniócóirí is</i> FBManna. Ionas go mbeadh asbhaint liúntais ar chothromas inbhuanaithe le haghaidh airgeadas poiblí go gearrthéarmach, ba cheart teorainn ama a chur leis. Chun an córas a choimirciú ó mhí-úsáid, tá sé riachtanach luach cánach scaireanna cáiniócóra a eisiamh, chomh maith le luach cánach a rannpháirtíochta i bhfiontair chomhlachaithe, ó ríomh na n-athruithe ar chothromas. Ar an gcaoi chéanna, tá sé riachtanach foráil a dhéanamh maidir le cánachas ar laghdú i gcothromas cáiniócóra ó thréimhse chánach amháin go dtí an chéad thréimhse chánach eile, chun cosc a chur ar mhéadú cothromais a dhéanamh ar bhealach mí-úsáideach. Le riail den sórt sin spreagfaí freisin coinneáil leibhéil cothromais. Bheadh feidhm aige ionas, i gcás <i>ina bhfuil</i> laghdú ar chothromas <i>de chuid</i> cáiniócóra a bhain tairbhe as liúntas ar mhéadú cothromais, <i>maidir le méid arna ríomh</i> ar an mbealach céanna leis an liúntas, <i>go n-éireodh sé inchánach</i> ar feadh 10 dtréimhse chánach; mura soláthraíonn an cáiniócóir fianaise go bhfuil an laghdú <i>seo mar gheall go heisiach</i> ar chaillteanais <i>a tabhaíodh</i> le linn na tréimhse chánach nó mar gheall ar oibleagáid dhlíthiúil.	(5) Chun an chlaontacht in aghaidh maoiniú cothromais a neodrú, ba cheart liúntas a bheartú ionas go mbeidh méaduithe ar chothromas cáiniócóra ó thréimhse chánach amháin go dtí an chéad thréimhse chánach eile in-asbhainte óna bhonn cánach, faoi réir coinníollacha áirithe. Ba cheart an liúntas sin a ríomh tríd an méadú i gcothromas a iolrú faoi ráta úis bharúlaigh atá bunaithe ar ráta úis saor ó riosca mar a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme a glacadh de bhun Airteagal 77e(2) de Threoir 2009/138/CE. Tá rátaí úis saor ó riosca den sórt sin ina gcuid de dhlí an Aontais cheana agus cuirtear i bhfeidhm iad go praiticiúil agus go héifeachtach ar an mbealach sin. Aon chuid den liúntas nach féidir a asbhaint le linn tréimhse chánach mar gheall ar bhrabúis inchánacha neamh-leordhóthanacha, is féidir í a thabhairt ar aghaidh. Agus na dúshláin shonracha a bhíonn roimh fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) <i>agus roimh ghrúpaí meánmhéide</i> chun rochtain a fháil ar mhargáí caipitil, <i>a gcostais mhaoiniúcháin níos airde, infhaighteacht níos ísle ar chaipiteal agus an dóchúlacht níos airde go mbainfidh tréimhsí níos faide caillteanais dóibh</i>, ba cheart liúntas méadaithe ar chothromas <i>chomh maith le tréimhse níos faide le haghaidh in-asbhainteacht cánach</i> a bheartú <i>do cháiniócóirí ar</i> FBManna <i>nó grúpaí meánmhéide iad</i>. Ionas go mbeadh asbhaint liúntais ar chothromas inbhuanaithe le haghaidh airgeadas poiblí go gearrthéarmach, ba cheart teorainn <i>chuí agus chomhréireach</i> ama a chur leis. Chun an córas a choimirciú ó mhí-úsáid, tá sé riachtanach luach cánach scaireanna cáiniócóra a eisiamh, chomh maith le luach cánach a rannpháirtíochta i bhfiontair chomhlachaithe, ó ríomh na n-athruithe ar chothromas. Ar an gcaoi chéanna, tá sé riachtanach foráil a dhéanamh maidir le cánachas ar laghdú i gcothromas cáiniócóra ó thréimhse chánach amháin go dtí an chéad thréimhse chánach eile, chun cosc a chur ar mhéadú cothromais a dhéanamh ar bhealach mí-úsáideach. Le riail den sórt sin spreagfaí freisin coinneáil leibhéil cothromais. Bheadh feidhm aige ionas, i gcás laghdú ar chothromas cáiniócóra a bhain tairbhe as liúntas ar mhéadú cothromais, <i>go mbeadh méid a ríomhtar</i> ar an mbealach céanna leis an liúntas <i>incháinithe</i> ar feadh 10 dtréimhse chánach <i>do</i> FBManna <i>agus do ghrúpaí meánmhéide agus ar feadh 7 dtréimhse chánach as a chéile d'aon cháiniócóir seachas FBM nó grúpa meánmhéide</i>, mura soláthraíonn an cáiniócóir fianaise go bhfuil an laghdú <i>sin mar thoradh eisiach</i> ar chaillteanais <i>arna dtabhú</i> le linn na tréimhse chánach nó mar gheall ar oibleagáid dhlíthiúil. <i>Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an Treoir seo a chur chun feidhme, go háirithe maidir leis na féidearthachtaí agus na tairbhí a bhaineann léi do FBManna.</i>

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach

Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
(6) D'fhonn mí-úsáid asbhaint an liúntais ar chothromas a sheachaint, tá sé riachtanach rialacha sonracha i gcoinne seachaint cánach a leagan síos. Ba cheart do na rialacha sin díriú go háirithe ar scéimeanna a chuirtear i bhfeidhm chun dul timpeall ar na coinníollacha faoina cháilíonn méadú cothromais do liúntas faoin Treoir seo, cuir i gcás, trí aistrithe inghrúpa na rannpháirtíochtaí i bhfiontair chomhlachaithe. Ba cheart do na rialacha sin díriú freisin ar scéimeanna a chuirtear i bhfeidhm chun liúntas a éileamh in éagmais aon mhéadú cothromais ar leibhéal grúpa. Mar shampla, d'fhéadfaí maoiniú fiachais inghrúpa nó ranníocaíochtaí in airgead tirim a úsáid chun na gcríoch sin. Ba cheart do rialacha sonracha i gcoinne seachaint cánach cosc a chur freisin ar scéimeanna a chur i bhfeidhm chun a mhaíomh go bhfuil méadú i gcothromas, agus an liúntas comhfhreagrach, níos airde ná mar atá i ndáiríre, mar shampla, trí mhéadú in infháltais mhaoinithe iasachta nó róluacháil sócmhainní. Thairis sin, an riail ghinearálta in aghaidh mí-úsáid chánach in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2016/1164 ón gComhairle ⁽¹⁵⁾, tá feidhm aici i gcoinne gníomhaíochtaí mí-úsáideacha nach gcumhdaítear le creat sonrach i gcoinne seachaint cánach na Treorach seo.	(6) D'fhonn mí-úsáid asbhaint an liúntais ar chothromas a sheachaint, tá sé riachtanach rialacha sonracha i gcoinne seachaint cánach a leagan síos. Ba cheart do na rialacha sin díriú go háirithe ar scéimeanna a chuirtear i bhfeidhm chun dul timpeall ar na coinníollacha faoina cháilíonn méadú cothromais do liúntas faoin Treoir seo, cuir i gcás, trí aistrithe inghrúpa na rannpháirtíochtaí i bhfiontair chomhlachaithe. Ba cheart do na rialacha sin díriú freisin ar scéimeanna a chuirtear i bhfeidhm chun liúntas a éileamh in éagmais aon mhéadú cothromais ar leibhéal grúpa. Mar shampla, d'fhéadfaí maoiniú fiachais inghrúpa nó ranníocaíochtaí in airgead tirim a úsáid chun na gcríoch sin. Ba cheart do rialacha sonracha i gcoinne seachaint cánach cosc a chur freisin ar scéimeanna a chur i bhfeidhm chun a mhaíomh go bhfuil méadú i gcothromas, agus an liúntas comhfhreagrach, níos airde ná mar atá i ndáiríre, mar shampla, trí mhéadú in infháltais mhaoinithe iasachta nó róluacháil sócmhainní. Thairis sin, an riail ghinearálta in aghaidh mí-úsáid chánach in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2016/1164 ón gComhairle ⁽¹⁵⁾, tá feidhm aici i gcoinne gníomhaíochtaí mí-úsáideacha nach gcumhdaítear le creat sonrach i gcoinne seachaint cánach na Treorach seo. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin, maidir leis na bearta a ghlacfaidh siad chun an Treoir seo a thrasú sa dlí náisiúnta, go gcomhlíonfaidh siad an treoir a thugann an Mheitheal um an gCód Iompair (cánachas gnó).
⁽¹⁵⁾ Treoir (AE) 2016/1164 ón gComhairle an 12 Iúil 2016 lena leagtar síos rialacha i gcoinne cleachtais seachanta cánach a mbíonn tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (IO L 193, 19.7.2016, lch. 1).	⁽¹⁵⁾ Treoir (AE) 2016/1164 ón gComhairle an 12 Iúil 2016 lena leagtar síos rialacha i gcoinne cleachtais seachanta cánach a mbíonn tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (IO L 193, 19.7.2016, lch. 1).

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach

Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
	(6a) Ba cheart measúnú a dhéanamh ar na costais fhioscacha a d'fhéadfadh teacht as cur chun feidhme na Treorach seo in éineacht leis na tairbhí a bhaineann le bonn maoinithe níos láidre a áirithiú do ghnólaigh an Aontais, rud a bheadh fíorthábhachtach i gcásanna struis airgeadais.

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach

Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
(7) Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an gclaontacht fiachais-cothromais a bhaineann le cáin ar bhealach inbhuanaithe le haghaidh airgeadas poiblí an Aontais, ba cheart teorainn ar in-asbhainteacht na gcostas maoinithe fiachais a bheith ag gabháil le liúntas le haghaidh maoiniú cothromais. Dá bhrí sin ba cheart, le riail maidir le teorannú úis, teorainn a chur le hin-asbhainteacht na róchostas iasachtaíochta agus ba cheart feidhm a bheith aici go neamhspleách ar an liúntas. I bhfianaise go bhfuil éagsúlacht idir cuspóirí rialach den sórt sin agus na rialach i gcoinne seachaint cánach atá ann cheana maidir le teorannú úis d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2016/1164, ba cheart an dá riail sin a choinneáil ar bun. Ba cheart do cháiníocóirí in-asbhainteacht na róchostas iasachtaíochta a ríomh faoin Treoir seo ar dtús agus ansin faoi ATAD. I gcás inarb é an toradh atá ar an ríomh sin faoi ATAD méid inasbhainte róchostas iasachtaíochta atá níos ísle, ba cheart don cháiníocóir an méid níos ísle sin a asbhaint agus aon difríocht idir an dá mhéid a thabhairt ar aghaidh nó a thabhairt siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de ATAD.	(7) Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an gclaontacht fiachais-cothromais a bhaineann le cáin ar bhealach inbhuanaithe le haghaidh airgeadas poiblí an Aontais, ba cheart riail a bheith ag gabháil le liúntas le haghaidh maoiniú cothromais lena gcuirtear teorainn le hin-asbhainteacht na róchostas iasachtaíochta do ghrúpaí nach grúpaí meánmhéide iad agus do ghnóthais nach FBManna iad. Mar sin féin, i bhfianaise na ndálaí eacnamaíocha díobhálacha a eascraíonn as géarchéim COVID-19 agus as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, níor cheart an riail sin maidir le teorannú a thabhairt isteach go dtí 2027. I bhfianaise go bhfuil éagsúlacht idir cuspóirí rialach den sórt sin agus na rialach i gcoinne seachaint cánach atá ann cheana maidir le teorannú úis d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2016/1164, ba cheart an dá riail sin a choinneáil ar bun. Ba cheart do cháiníocóirí in-asbhainteacht na róchostas iasachtaíochta a ríomh faoin Treoir seo ar dtús agus ansin faoi ATAD. I gcás inarb é an toradh atá ar an ríomh sin faoi ATAD méid inasbhainte róchostas iasachtaíochta atá níos ísle, ba cheart don cháiníocóir an méid níos ísle sin a asbhaint agus aon difríocht idir an dá mhéid a thabhairt ar aghaidh nó a thabhairt siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de ATAD.

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach

Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
(9) Chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na Treorach seo, ba cheart don Choimisiún tuarascáil mheastóireachta a ullmhú agus a fhoilsiú ar bhonn na faisnéise a sholáthraíonn na Ballstáit agus ar bhonn na sonraí eile atá ar fáil.	(9) Chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na Treorach seo, chomh maith lena tionchar ar FBManna agus ar ioncaim chánach sna Ballstáit, ba cheart don Choimisiún tuarascáil mheastóireachta a ullmhú agus a fhoilsiú ar bhonn na faisnéise a sholáthraíonn na Ballstáit agus ar bhonn na sonraí eile atá ar fáil. Ba cheart aird ar leith a thabhairt sa tuarascáil sin ar FBManna, agus ba cheart a mheas go háirithe an bhfuil sé léirithe gur leor na coinníollacha speisialta a cuireadh ar fáil do FBManna chun cur le mealltacht maoinithe cothromais dóibh. I gcás meastóireacht dhiúltach sa tuarascáil sin, ba cheart don Choimisiún, gan moill mhíchúí, togra reachtach lena dtugtar aghaidh ar an tsaincheist sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ba cheart tuarascáil an Choimisiúin a fhoilsiú.

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
	(5a) <i>ciallaíonn ‘gnóthas mór’ gnóthas mór de réir bhrí Airteagal 3(4) de Threoir 2013/34/AE;</i>

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
	(5b) <i>ciallaíonn ‘grúpa meánmhéide’ grúpa meánmhéide de réir bhrí Airteagal 3(6) de Threoir 2013/34/AE;</i>

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
	(5c) <i>ciallaíonn ‘grúpa mór’ grúpa mór de réir bhrí Airteagal 3(7) de Threoir 2013/34/AE;</i>

Leasú 14

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
Beidh liúntas ar chothromas in-asbhainte, ar feadh 10 dtréimhse chánach as a chéile, ó bhonn cánach cáiniócóra chun críoch cánach ioncaim corparáidí suas go dtí 30 % de thuilleamh an cháiniócóra roimh ús, cáin, dímhéas agus amúchadh ('EBITDA').	Beidh liúntas ar chothromas inasbhainte sna cásanna seo a leanas: — 10 dtréimhse chánach as a chéile, ó bhonn inchánach FBM nó grúpa meánmhéide chun críocha cánach ioncaim corparáide suas le 30 % de thuilleamh an cháiniócóra roimh ús, cáin, dímhéas agus amúchadh ('EBITDA'); — 7 dtréimhse chánach as a chéile, ó bhonn inchánach aon ghnóthais mhóir nó aon ghrúpa mhóir chun críocha cánach ioncaim corparáide suas le 30 % de EBITDA.

Leasú 15

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
	Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cáiniócoiri in ann an chuid den liúntas ar chothromas atá níos mó ná céatadáin EBITDA i dtréimhse chánach a leagtar síos sa chéad fhomhír a thabhairt ar aghaidh ar feadh 3 thréimhse chánach ar a mhéad.

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
Má tá an liúntas inasbhainte ar chothromas, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, níos airde ná glanioncam inchánach an cháiniócóra le linn tréimhse cánach, áiríteoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an cáiniócoir an liúntas breise ar chothromas a thabhairt ar aghaidh, gan teorainn ama, do na tréimhsí ina dhiaidh sin.	Má tá an liúntas inasbhainte ar chothromas, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, níos airde ná glanioncam inchánach an cháiniócóra le linn tréimhse cánach, áiríteoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an cáiniócoir an liúntas breise ar chothromas a thabhairt ar aghaidh mar a leanas: — ar feadh 3 thréimhse chánach ar a mhéad, i gcás inar gnóthas mór nó grúpa mór é an cáiniócoir; — gan teorainn ama, i gcás inar FBM nó grúpa meánmhéide é an cáiniócoir.

Leasú 17

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
Áiríteoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na cáiniócoirí an chuid den liúntas ar chothromas a sháraíonn 30 % de EBITDA a thabhairt ar aghaidh, go feadh uasmhéid de 5 thréimhse chánach.	scriosta

Leasú 18

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
Faoi réir Airteagal 5, ríomhfar bonn an liúntais ar chothromas mar an difríocht idir leibhéal an ghlanchothromais ag deireadh na tréimhse cánach agus leibhéal an ghlanchothromais ag deireadh na tréimhse cánach roimhe sin.	Faoi réir Airteagal 5, ríomhfar bonn an liúntais ar chothromas mar an difríocht idir leibhéal an ghlanchothromais ag deireadh na tréimhse cánach agus leibhéal an ghlanchothromais ag deireadh na tréimhse cánach roimhe sin, i bhfocail eile, an méadú bliain ar bhliain ar ghlanchothromas.

Leasú 19

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
Beidh an liúntas ar chothromas cothrom le bonn an liúntais arna iolrú faoin ráta úis saor ó riosca 10 mbliana le haghaidh an airgeadra ábhartha agus méadófar é le préimh riosca 1 % nó, i gcás inarb é FBM an cáiniócoir, préimh riosca 1.5 %.	Beidh an liúntas ar chothromas cothrom le bonn an liúntais arna iolrú faoin ráta úis saor ó riosca 10 mbliana le haghaidh an airgeadra ábhartha, arna mhéadú faoi phréimh riosca 1 % do FBManna.

Leasú 20

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 4 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
3. Tar éis dó liúntas ar chothromas a fháil, má tá bonn an liúntais ar chothromas diúltach le linn tréimhse cánach, éireoidh méid atá cothrom leis an liúntas diúltach ar chothromas inchánach ar feadh 10 dtréimhse cánach as a chéile, suas go dtí an méadú foriomlán ar ghlanchothromas a bhfuarthas an liúntas sin ina leith faoin Treoir seo, mura soláthraíonn an cáiniócoir fianaise leordhóthanach gur chaillteanais chuntasaíochta a tabhaíodh le linn na tréimhse cánach ba chúis leis nó oibleagáid dhlíthiúil chun caipiteal a laghdú.	3. Tar éis dó liúntas ar chothromas a fháil, má tá bonn an liúntais ar chothromas diúltach le linn tréimhse cánach, éireoidh méid atá cothrom leis an liúntas diúltach ar chothromas inchánach ar feadh 10 dtréimhse cánach as a chéile i gcás FBManna nó grúpaí meánmhéide nó 7 dtréimhse chánach as a chéile d'aon cháiniócoir seachas FBM nó grúpa meánmhéide , suas go dtí an méadú foriomlán ar ghlanchothromas a bhfuarthas an liúntas sin ina leith faoin Treoir seo, mura soláthraíonn an cáiniócoir fianaise leordhóthanach gur chaillteanais chuntasaíochta a tabhaíodh le linn na tréimhse cánach ba chúis leis nó oibleagáid dhlíthiúil chun caipiteal a laghdú.

Leasú 21

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 5 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
	3a. Maidir leis na bearta a ghlacfaidh na Ballstáit chun an tAirteagal seo a thrasú sa dlí náisiúnta áiritheoidh siad go gcomhlíonfaidh na bearta sin an treoir a thugann an Mheitheal um an gCód Iompair (cánachas gnó) maidir le córais asbhainte úis bharúlaigh.

Leasú 22

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cáiniócoir in ann a asbhaint óna bhonn cánach, chun críoch cánach ioncaim corparáidí, róchostas iasachtaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (2), de Threoir (AE) 2016/1164 ⁽³⁵⁾ ón gComhairle suas go méid (a) a chomhfhreagraíonn do 85 % de na costais sin a tabhaíodh le linn na tréimhse cánach. Má tá an méid sin níos airde ná an méid (b) a cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2016/1164, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh an cáiniócoir i dteideal ach an méid níos ísle den dá mhéid a asbhaint le linn na tréimhse cánach. Déanfar an difríocht idir an dá mhéid (a) agus (b) a thabhairt ar aghaidh nó a thabhairt siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2016/1164.	1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cáiniócoir, seachas FBM nó grúpa meánmhéide, in ann a asbhaint óna bhonn cánach, chun críoch cánach ioncaim corparáidí, róchostas iasachtaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (2), de Threoir (AE) 2016/1164 ⁽³⁵⁾ ón gComhairle suas go méid (a) a chomhfhreagraíonn do 85 % de na costais sin a tabhaíodh le linn na tréimhse cánach. Má tá an méid sin níos airde ná an méid (b) a cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2016/1164, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh an cáiniócoir i dteideal ach an méid níos ísle den dá mhéid a asbhaint le linn na tréimhse cánach. Déanfar an difríocht idir an dá mhéid (a) agus (b) a thabhairt ar aghaidh nó a thabhairt siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2016/1164.
⁽³⁵⁾ Treoir (AE) 2016/1164 ón gComhairle an 12 Iúil 2016 lena leagtar síos rialacha i gcoinne cleachtais seachanta cánach a mbíonn tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (IO L 193, 19.7.2016, lch. 1).	⁽³⁵⁾ Treoir (AE) 2016/1164 ón gComhairle an 12 Iúil 2016 lena leagtar síos rialacha i gcoinne cleachtais seachanta cánach a mbíonn tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (IO L 193, 19.7.2016, lch. 1).

Leasú 23

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
2. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le róchostas iasachtaíochta a tabhaíodh ón [OF cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar aghaidh.	2. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le róchostais iasachtaíochta arna dtabhú ón 1 Eanáir 2027.

Leasú 24

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 7 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
(b) an líon FBManna a bhain tairbhe as an liúntas le linn na tréimhse cánach, lena n-áirítear mar chéatadán den líon iomlán FBManna a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo agus den líon FBManna a bhain tairbhe as an liúntas, ar cuid de ghrúpaí móra iad de réir bhrí Airteagal 3(7) de Threoir 2013/34/AE;	(b) an líon FBManna agus grúpaí meánmhéide a bhain tairbhe as an liúntas le linn na tréimhse cánach, lena n-áirítear mar chéatadán den líon iomlán FBManna agus grúpaí meánmhéide a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo agus den líon FBManna a bhain tairbhe as an liúntas, ar cuid de ghrúpaí móra iad de réir bhrí Airteagal 3(7) de Threoir 2013/34/AE;

Leasú 25

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 8 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
Tuarascálacha	Tuarascálacha agus athbhreithniú

Leasú 26

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
1. Faoi 31 Nollaig 2027 , cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo.	1. Faoi 31 Nollaig 2028 , cuirfidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta ar fheidhmiú agus tionchar an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, lena ngabhfaidh, más iomchuí, togra reachtach chun an Treoir seo a leasú. Déanfar measúnú sa tuarascáil sin ar thionchar na Treorach seo, agus aird ar leith á tabhairt ar an méid seo a leanas: (a) FBManna, go háirithe agus measúnú á dhéanamh acu ar léiríodh gur leor na coinníollacha speisialta atá ar fáil do FBManna chun cur le meallacht an mhaoinithe cothromais dóibh; (b) an teorainn le hasbhaint úis, go háirithe maidir leis an tionchar atá ag méid (a) dá dtagraítear in Airteagal 6(1), ar ioncaim fhioscacha na mBallstát;

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
	(c) <i>an nasc le gníomhartha reachtacha i réimse na cánach corparáide, eadhon Treoir lena n-áirithítear íosráta cánach éifeachtach do ghníomhaíochtaí domhanda grúpaí móra ilnáisiúnta agus Treoir maidir le Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim san Eoraip (BEFIT).</i>

Leasú 27

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
2. Féadfaidh na Ballstáit cur i bhfeidhm fhorálacha na Teorach sin ar cháiníocóirí a bhaineann, [an 1 Eanáir 2024], tairbhe as liúntas ar chothromas faoin dlí náisiúnta a chur siar ar feadh tréimhse suas go 10 mbliana agus ní dhéanfaidh siad amhlaidh ar feadh tréimhse níos faide ná marthanacht an tairbhe faoin dlí náisiúnta i gcás ar bith.	2. Féadfaidh na Ballstáit cur i bhfeidhm fhorálacha na Teorach sin ar cháiníocóirí a bhaineann, [an 1 Eanáir 2024], tairbhe as liúntas ar chothromas faoin dlí náisiúnta a chur siar ar feadh tréimhse suas go 5 bliana agus ní dhéanfaidh siad amhlaidh ar feadh tréimhse níos faide ná marthanacht an tairbhe faoin dlí náisiúnta i gcás ar bith.

Leasú 28

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 11 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	Leasú
	3a. Sula ndéanfaidh sé an Treoir seo a thrasú sa dlí náisiúnta, poibleoidh gach Ballstát measúnú ar chostais fhioscacha mheasta na mbeart atá le glacadh agus an laghdú a thiocfaidh as sin ar an ráta cánach éifeachtach do chuideachtaí, agus déanfaidh sé bearta cuí chun ioncam cánach a chosaint más gá.